


2019 TEANGA: Special Edition 10

Iris Chumann na Teangeolaíochta Feidhmí in Éirinn
The Journal of the Irish Association of Applied Linguistics



Proceedings of Multilingualism in the Early Years Conference

Dublin Institute of Technology May 2017



Special edition editors

Máire Mhic Mhathúna, Technological University Dublin
Sarah O'Brien, Trinity College Dublin

Teanga editors

Úna Bhreathnach
Colin Flynn
Stephen Lucek

IRAAL, together with the authors and editors, has taken care to ensure that all information presented in this volume is accurate at the time of publication. Despite careful manuscript preparation and proof correction, errors may nevertheless occur. IRAAL, authors and editors disclaim all responsibility for any errors or omissions or liability for the results obtained from the use of the information, or parts thereof, contained herein.

© 2019 IRAAL

Cur siar mhúineadh an Bhéarla i mbunscoileanna Gaeltachta: Más mall is mithid

Delaying the Teaching of English in Gaeltacht primary schools: About time!

Pádraig Ó Duibhir agus Laoise Ní Thuairisg,

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

padraig.oduibhir@dcu.ie

laoise.nithuairisg@dcu.ie

Achoimre

Bhí iliomad coiste, comhairle, agus coimisiúin a rinne iniúchadh ar an gcóras oideachais Gaeltachta i gcaitheamh na mblianta ó 1926 i leith. Tugadh neamhaird den chuid is mó ar mholtaí na dtuarascálacha éagsúla go dtí gur foilsíodh *Curaclam Teanga na Bunscoile* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta 2015) agus an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016). Ceadaítear tréimhse tumadh iomlán sa Ghaeilge den chéad uair de réir na moltaí sna cáipéisí sin. Ardaíonn sé seo ceisteanna do scoileanna Gaeltachta maidir le riachtanais oideachais teanga cainteoirí óga Gaeilge na Gaeltachta. Ar chóir múineadh an Bhéarla a thosú go luath do na cainteoirí seo ag aithint go maireann siad i ndomhan ina bhfuil an Béarla ceannasach? Déantar cur síos san alt seo ar an iniúchadh a rinneadh ar na moltaí éagsúla a rinneadh maidir leis an oideachas Gaeltachta agus ar an litríocht ábhartha le fáil amach an bhfuil bonn láidir oideachasúil faoin bpolasaí seo. Mhaígh Ó Duibhir agus Cummins (2012) go n-aistríonn scileanna áirithe teanga, ar nós scileanna litearthachta, ó theanga amháin go teanga eile. Más fíor sin, d'fhéadfaí a mhaíomh gur cuma cé acu teanga go dtéitear i ngleic léi ar dtús mar go n-aistrefar na scileanna ó theanga amháin go dtí an ceann eile. Léiríonn taighde eile le páistí Gaeltachta (7–12 bliain d'aois) ar chainteoirí dúchais iad, go bhfuil stór focal níos fairsinge acu sa Bhéarla ná mar atá sa Ghaeilge (Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin, & Sheahan 2014). B'fhéidir gur fianaise í seo go bhfuil sealbhú neamhiomlán i gceist do na páistí seo agus go rachadh sé chun sochair

dóibh múineadh an Bhéarla a chur siar chun breis ama a thabhairt dóibh bonn níos seasmhaí a chur faoina gcumas Gaeilge.

Abstract

Numerous committees, advisory bodies and commissions have investigated the Gaeltacht education system over the years since 1926. The recommendations of the resulting reports were on the whole ignored until the publication of the Primary Language Curriculum (National Council for Curriculum and Assessment 2015) and the Policy for Gaeltacht Education (Department of Education and Skills 2016). According to the recommendations in these documents, a total immersion period in Irish is permitted for the first time. This raises questions for Gaeltacht schools about the language education needs of young Irish speakers in their schools. Should the teaching of English commence early for these speakers recognising that they live in an English dominated world? In this paper, we describe an investigation of the various recommendations that were made about Gaeltacht education and the relevant literature to examine whether there is a strong educational rationale underlying this policy. Ó Duibhir and Cummins (2012) claimed that some linguistic skills, such as literacy skills, transferred from one language to another. If this is the case, it could be claimed that it does not matter which language is encountered first as the skills will transfer from one language to the other. Research by Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin, & Sheahan (2014) involving native Irish-speaking Gaeltacht children (7–12 years) found that the children had a larger vocabulary in English than in Irish. This may be evidence that those children are experiencing incomplete acquisition and that they might benefit from a delay in the introduction of English in order to give them extra time to lay a firmer foundation for their ability in Irish.

***Eochairfhocail:** Gaeilge, Gaeltacht, dátheangachas, tumoideachas, cainteoirí dúchais, polasaí*

1. Réamhrá

Déanaimid cur síos san alt seo ar impleachtaí an mholta sa Polasaí don Oideachas Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016, lch. 8) “clár lántumtha dhá bhliain a chur i bhfeidhm sna bunscoileanna Gaeltachta uile, nach múinfear Béarla ar bith lena linn”.

Cuirimid an moladh seo i gcomhthéacs moltaí eile a rinneadh i dtaobh an oideachais Ghaeltachta i dtuarascálacha éagsúla ó Choimisiún na Gaeltachta (Oifig an tSoláthar 1926) i leith. Déanfaimid cur síos ar na dualgais reachtúla (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1998) atá ar scoileanna tacú leis an nGaeilge a choinneáil mar theanga pobail. Pléimid cúlra sochtheangeolaíochta na Gaeltachta agus an meath atá tar éis teacht ar bhisiúlacht na Gaeilge sa Ghaeltacht ó thús an chéid seo. Dírimid ansin ar chórais oideachais do theangacha mionlaigh agus an bunús a bheadh le moladh mhúineadh na mórtheanga a chur siar. Ceistímid an téarma tumoideachas agus a oiriúnacht do chainteoirí dúchais agus an t-imeascadh a bhíonn ar bun i scoileanna na Gaeltachta. Déanaimid iniúchadh ansin ar an mbunús atá faoi mhúineadh an Bhéarla a chur siar. Cíoraimid an fhianaise atá ann do thraschur scileanna ó theanga go teanga.

2. Cúlra Pholasaí Oideachas Gaeltachta

Cuireadh fáilte mhór i gcoitinne (m.sh. Ní Chartúir 2016) roimh fhoilsiú Polasaí don Oideachas Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016). Chonacthas ann den chéad uair bearta dáiríre a thabharfadh aghaidh ar na dúshláin laethúla atá le tabhairt ag múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí na Gaeltachta in earnáil an oideachais. Baineann cuid de dhrochstaid reatha na scoileanna Gaeltachta dar linn leis an ról imeallach a tugadh do riachtanais oideachais bhunscoile agus iar-bhunscoile sa Ghaeltacht ó aimsir bhunaithe an stáit. Ar an ábhar sin, meabhraímid don léitheoir cuid de na coimisiúin agus na moltaí a rinneadh i dtaobh an oideachais Ghaeltachta le céad bliain anuas. Déanaimid é sin le léiriú nach féidir cleachtais oideachais a athrú ó bhonn in achar gearr agus go dteastaíonn an chomhairle agus an oiliúint chuí ó mhúinteoirí agus cinnirí scoile chun é sin a bhaint amach.

Is iomaí tuarascáil a shonraigh easnaimh sa chóras oideachais Gaeltachta le ceithre scór bliain anuas agus a laghad iarrachta a rinneadh dul i ngleic leis na heasnaimh sin. Ábhar inní é a laghad béime a leagadh ar an oideachas Gaeltachta mar chomhthéacs oideachais ar leith, agus a laghad airde dá réir a tugadh ar riachtanais fhorbartha an chomhthéacs sin (Ní Thuairisg 2014). Is léir gur go mall drogallach a d'fhorbair an tuiscint gur diméin shainiúil oideachais a bhí sa Ghaeltacht a raibh a cuid riachtanas oideachais, teanga, sóisialta agus cultúrtha féin aici, riachtanais a raibh gá a iomlánú sna cleachtais oiliúna a bhí ag freastal orthu siúd a bheadh i mbun teagaise inti. Ábhar inní freisin ar ndóigh chomh minic agus a tugadh suntas do na heasnaimh chéanna sa chóras ach nach ndeachthas i ngleic leis na heasnaimh sin go dtí anois rud a fhágann go bhfuil an córas reatha oideachais Gaeltachta go fóill ag streachailt leis na dúshláin chéanna a bhí le tabhairt céad bliain ó shin, agus breis dúshlán os a chionn sin arís

de bharr ról an oideachais féin sa tsochaí athraithe chomh maith céanna. Dar le húdair Choimisiún um Athbheochan na Gaeilge, ba iad ‘muintir na Gaeltachta caomhnóirí an chuid is dúchasaí dár mbeothraidisiún agus dár gcultúr’ (Rialtas na hÉireann 1963, lch. 175). In ainneoin sin, ba bheag freastal a rinneadh orthu maidir leis na riachtanais ar leith oideachais a bhí acu mar chainteoirí dúchais Gaeilge. Rinneadh tagairtí sa Pháipéar Bán ar an bhForbairt Oideachasúil d’athbheochan na teanga mar “aidhm náisiúnta” cé go n-admhaítear nach “féidir leis an gcóras oideachais amháin an aidhm sin a bhaint amach” (Rialtas na hÉireann 1980, lch. 13).

Chuir an tAcht Oideachas 1998 (An Roinn Oideachais agus Scileanna 1998) bunús láidir faoin oideachas Gaeltachta, agus faoin ngaeloideachas i gcoitinne, agus líon suntasach forálacha ann ní hamháin a dhéanann tagairt dhíreach don oideachas Gaeltachta, ach do ról na hearnála sin i saol na Gaeltachta mar aon leis na dualgais nó na cuspóirí a leagtar ar an gcóras d’fhonn an ról áirithe sin a chomhlíonadh. Deimhníonn Acht 6 (j) den acht go bhfuil sé mar chuspóir ag an acht ‘cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta’. Tá ar chumas an chuspóra seo gníomhú mar thacaíocht láidir do scoileanna na Gaeltachta agus iad ag soláthar an oideachais trí Ghaeilge agus ar ndóigh le tuismitheoirí na Gaeltachta agus iad ag éileamh an oideachais chéanna.

Tugadh aghaidh ar cheist an oideachais Ghaeltachta le linn Choimisiún na Gaeltachta 2002 (an Coimisiún feasta) (Coimisiún na Gaeltachta 2002). Bhí mar aidhm ag an gCoimisiún iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe agus ar pholasaithe na linne ag féachaint ar chun leasa nó dochair na Gaeltachta a bhí siad, polasaithe oideachais san áireamh. Tugadh aitheantas do mheath na Gaeilge sa Ghaeltacht agus do ról an chórais oideachais i gcasadh taoide an mheatha sin, cé nár luadh ról an chórais sin i gcothú an Bhéarla chomh maith céanna (Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghda, & O’Brien 2007). Bunaithe ar iniúchadh an Choimisiúin féin agus ar na tuairimí sin a roinn muintir na Gaeltachta leo, moladh go dtabharfaí tús áite don Ghaeilge mar chéad teanga i ngach réimse den oideachas Gaeltachta (Coimisiún na Gaeltachta 2002, lch. 12).

Sna sála ar iniúchadh an Choimisiúin, tháinig iliomad tuairiscí taighde eile a raibh an t-oideachas Gaeltachta mar ábhar acu nó sin ina raibh moltaí curtha chun cinn bainteach go sonrach leis. I measc na dtuairiscí sin bhí: Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna lán-Ghaeilge (Máirtín 2006); Tús na Léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge (Ní Bhaoill & Ó Duibhir 2004); Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha, Ní

Chualáin, Ní Shéaghdha, & Ní Mhainín 2005); Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge (Ó Duibhir 2006); an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin et al. 2007); Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin & Charlton 2015); Struchtúr Oideachais na Gaeltachta (Ó Flatharta 2007); Taighde ar dhea-chleachtais bhunscoile i dtaca le saibhriú/sealbhú agus sóisialú teanga do dhaltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (Ní Shéaghdha 2010); agus tuairiscí eile nach iad.

Tugtar faoi deara sna tuairiscí seo uile agus sna tuairiscí uile a tháinig rompu gurb iad na heasnaimh chéanna den chuid is mó a luadh iontu agus an córas oideachais Gaeltachta faoi chaibidil. I measc na n-easnamh ar tharraing Mac Donnacha et al. (2005) orthu bhí oiliúint na múinteoirí Gaeltachta. Mhaígh na húdair nach raibh dóthain múinteoirí ar fáil a raibh spéis acu dul i mbun teagaisc sa Ghaeltacht, nó a raibh cumas Gaeilge sách maith acu chun aghaidh a thabhairt ar an teagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Áiríodh réimse an oideachais ar ceann de sé cinn de réimsí gnímh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 (Rialtas na hÉireann 2010) agus aird tugtha ar iliomad gnéithe den réimse sin, ina measc: páirt-tumadh; measúnú náisiúnta; curaclam do mhúineadh na Gaeilge; cláir thacaíochta do thuismitheoirí agus don réamhscolaíocht; soláthar sainábhar; oideachas múinteoirí; daoine fásta ag foghlaim teanga; seirbhísí comhairle agus tacaíochta; agus an t-oideachas sa Ghaeltacht. Níor mhiste a lua, áfach, ag an bpointe seo go bhfeictear an bhéim á leagan ar an bhfoghlaim teanga i ngach uile ghné thuas, fiú sa chuid sin ina bpléitear an t-oideachas Gaeltachta féin. Más amhlaidh atá, fágtar go bhfuil an dearcadh fós i réim i measc lucht údaráis gurb í an Ghaeilge mar ábhar léinn inti féin seachas mar mheán cumarsáide sa chóras oideachais is mó atá ag dó na geirbe ar an stát agus polasaithe stáit dá réir. Is dearcadh é seo ar ndóigh a thugann neamhaird iomlán ar thábhacht na Gaeilge mar theanga bheo phobail.

Tharraing tuarascálacha (Comhairle na Gaeilge 1974; Comhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986) agus taighde eile (Ó Duibhir 2006) aird ar na heasnaimh a bhí le sonrú sna gníomhaíochtaí inseirbhíse do mhúinteoirí a bhí ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Mhol Comhairle na Gaeilge breis is dhá scór bliain ó shin go gcuirfí cúrsaí inseirbhíse ‘sa Ghaeilge agus in úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc’ ar fáil (Comhairle na Gaeilge 1974, lch. 45). Ábhar díomá mar sin a bhí sna moltaí a rinneadh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 maidir le hoiliúint múinteoirí go raibh an bhéim anois arís á leagan ar chumas na múinteoirí sa Ghaeilge seachas ar a gcumas ábhair éagsúla a theagasc trí mheán na Gaeilge

(Rialtas na hÉireann, 2010). Tharraing an tuairisc *Striking the Balance* (The Teaching Council, 2015) aird ar na dúshláin chéanna arís maidir le hearcú múinteoirí le Gaeilge.

Fáiltimid mar sin roimh na bearta cúrsa réamhoiliúna trí mheán na Gaeilge do bhunmhúinteoirí a bhunú i 2019 agus cúrsa iarchéime inseirbhíse a chur ar fáil ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh (www.education.ie 2018). Tagann sé seo anuas ar na hiarrachtaí breis mac léinn a mhealladh chuig an gcúrsa comhleanúnach iar-bhunoideachais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (www.education.ie 2017). I bhfianaise teip an stáit go dtí seo sna réimsí seo beidh sé tábhachtach go ndíreodh na cúrsaí oiliúna seo ar chumas na múinteoirí múineadh trí mheán na Gaeilge mar chéad is mar dhara teanga seachas ar chumas Gaeilge na múinteoirí amháin.

Maidir le cúrsaí curaclaim, bhí deacrachtaí leo i gcaitheamh na mblianta. Rinne Comhairle na Gaeilge (1974) tagairt don leatrom a bhí á dhéanamh ar dhaltaí na Gaeltachta de bharr an easpa dúshláin intleachtúil agus teanga a bhí rompu sa chóras oideachais agus thacaigh taighdeoirí eile leis an tuairim seo ó shin i leith (Mac Donnacha et al. 2005; Ó Duibhir & Cummins 2012; Ó Giollagáin et al. 2007). Tá na leasuithe a moladh i gcuraclam teanga na bunscoile agus Sonrúcháin Ghaeilge an Teastais Shóisearaigh níos suntasaí fós nuair a chuirtear iad i gcomhthéacs an neamhaird ar na leasuithe éagsúla a moladh le tréimhse fhada de bhlianta mar a rianaíodh thuas. Tá an rogha anois ag boird bhainistíochta bunscoileanna na Gaeltachta tréimhse tumadh iomlán a chur i bhfeidhm (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta 2015; An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016). Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, tá dhá shocrúchán i bhfeidhm ó scoilbhliain 2017-18, ceann a fhreastalaíonn ar riachtanais teanga na bhfoghlaimoírí (T2) agus ceann eile ar riachtanais na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge (T1) nó daltaí a mbaineann ardchumas amach i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc iontu. Táthar ag súil anois gur féidir freastal ar chainteoirí dúchais “ó thaobh a bhforbartha i gcúrsaí teanga agus litríochta” faoi mar a mhol Comhairle na Gaeilge (1974, lch.13). I ngeall ar na heasnaimh oiliúna agus eile sa chóras oideachais Gaeltachta tá éiginnteacht áirithe ann, áfach, faoi oiriúnacht tréimhse tumadh iomlán de dhá bhliain faoi mar atá molta.

3. An bhunscoil Ghaeltachta agus an t-oideachas dátheangach

Tagann ceisteanna téarmeolaíochta chun tosaigh agus muid ag trácht ar chúrsaí teanga sa bhunscoil Ghaeltachta. Tá an téarma ‘tumoideachas’ tagtha chun cinn mar scáth-théarma chun cur síos a dhéanamh ar réimse den iliomad múnlaí oideachais go náisiúnta agus go

hidirnáisiúnta. I gcomhthéacs na Gaeltachta, is dóigh linne gur córas oideachais dhátheangaigh atá i gceist (Ó Duibhir, Ní Chuaig, Ní Thuairisg, & Ó Brolcháin 2015). Úsáidtear an téarma tumoideachas uaireanta mar thagairt don chleachtas atá i bhfeidhm i gcuid de scoileanna na Gaeltachta ina bhfághtar múineadh an Bhéarla go dtí pointe níos déanaí sa scolaíocht (Nic Cionnaith 2008, lch. 62). Tá difríochtaí suntasacha, dar linn, idir oideachas dátheangach na Gaeltachta agus tumoideachas na gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht. I dtaighde comhaimseartha eile faoin nGaeltacht, mar shampla, tá an téarma ‘oideachas sa teanga dhúchais’ tagtha chun cinn mar chur síos ar mhúnlaí cothabhála agus oidhreacht a chuirtear i bhfeidhm do dhaltaí Gaeltachta arb í an Ghaeilge a máthairtheanga (féach Ní Shéaghdha 2010 mar shampla). I gcás an oideachais sa teanga dhúchais, tá sé éagsúil ón tumoideachas sa chaoi agus go bhfuil páistí ó mhionlach teangeolaíochta (an Ghaeilge sa chás seo) ag fáil a gcuid oideachais tríd an teanga mhionlaigh sin.

In aon mhúnla láidir dátheangach, bíonn an dátheangachas suimitheach mar sprioc. Ciallaíonn sé seo go bhfoghlaimíonn duine an T2 gan aon dochar a dhéanamh don T1 (Baker & Wright 2017). Nuair a chuireann foghlaim an T2 isteach ar shealbhú an T1, tugtar dátheangachas dealaitheach air. Léiríonn an fhianaise atá ag teacht chun cinn ar an oideachas Gaeltachta gur dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh, Béarla sa chás seo, atá ann agus gur dátheangachas dealaitheach atá ann don teanga mhionlaigh, an Ghaeilge (Péterváry et al., 2014). Tá an córas oideachais Gaeltachta ag cumasú na bpáistí ar foghlaimoírí Gaeilge iad caighdeán réasúnta ard a bhaint amach gan aon dochar a dhéanamh dá bhforbairt sa Bhéarla (Shiel, Gilleece, Clerkin, & Millar 2011). Ní hamhlaidh, áfach, do na cainteoirí dúchais toisc nach bhfuil an fhorbairt chuí á déanamh ar a gcumas sa Ghaeilge (Péterváry et al. 2014). Déanann Landry, Allard, & Deveau (2007) idirdhealú idir dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh agus dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh agus is é an dara cineál dátheangachais a theastaíonn sa Ghaeltacht dar linn do na cainteoirí dúchais agus dá dtuismitheoirí. I múnlaí oideachais mar seo, déantar iarracht teanga dhúchais an phobail mhionlaigh a chaomhnú, a fhorbairt agus a shaibhriú tríd an gcóras oideachais (Baker & Wright 2017). Bíonn sé mar bhunaidhm bhreise sna cláir seo, féiniúlacht chultúrtha na bpáistí a láidriú agus an dátheangachas agus an délitearthacht a chur chun cinn (Baker & Wright 2017). Tagraíonn May (2013) freisin don oideachas oidhreacht mar atá luaite ag Ní Shéaghdha (2010), nó an tumoideachas dúchais ag maíomh gur clár oideachais dátheangach é a bhíonn dírithe go minic ar athbheochan theangacha dúchasacha, agus cainteoirí T1, T2 nó meascán den dá dhream ag freastal orthu. Is minic, áfach, dar le May (2013) doiléire ag teacht chun cinn maidir le riachtanais fhoghlama agus teanga na ndaltaí de bharr an imeasctha seo

idir cainteoirí T1 agus T2 san aon seomra ranga amháin, agus géarghá dar leis idirdhealú a dhéanamh idir na riachtanais sin (May, Hill, & Tiakiwai 2004).

Caithfear a aithint go bhfuil sainriachtanais teanga ar leith ag cainteoirí óga dúchais na Gaeltachta, faoi mar atá ag páistí a labhraíonn mionteangacha ar fud an domhain. Ach an oiread le páistí a labhraíonn Haváis, Māori nó Gàidhlig, is grúpa fíorthábhachtach iad páistí T1 na Gaeltachta do thodhchaí na Gaeilge. Ní mór iad a chumasú leis an nGaeilge a shealbhú go hiomlán mura bhfuil tobar na Gaeilge le dísciú.


4. Cur siar mhúineadh an Bhéarla

Ceann de na bealaí atá molta sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta le cuidiú le cainteoirí óga na Gaeltachta an sealbhú iomlán sin a bhaint amach ná trí mhúineadh an Bhéarla a chur siar dhá bhliain. Dírimid isteach ar an gceist sin go sonrach sa chuid seo den pháipéar. Comhairligh Fishman (2013) nach bhféadfadh an scoil cúiteamh a dhéanamh ar sheachadadh easnamhach sna teaghlaigh mura raibh an teanga saibhrithe sa scoil agus sa phobal. Ní haon ionadh mar sin go mbeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag iarraidh tionchar a imirt tríd an gcóras oideachais mar is é oideachas an pháiste an réimse den saol inar féidir leis an stát ról gníomhach a ghlacadh (Ó Duibhir, Ní Chuaig, Ní Thuairisg, & Ó Brolcháin 2015) chun iarracht a dhéanamh cúiteamh do mheath na Gaeilge sa teaghlach agus sa phobal (Ó Giollagáin & Charlton 2015).

Léiríonn taighde fadtréimhseach go bhfuil an baol ann nach sealbhóidh páistí dátheangacha réamhscoile, a labhraíonn mionteanga, an teanga sin go hiomlán de bharr an oiread sin teagmhála a bhíonn acu leis an mórtheanga, oll-láithreach na mórtheanga, agus teagmháil laghdaithe leis an mionteanga (Montrul, 2008). Feictear an tionchar sin, mar shampla, ar fhorbairt na moirfeolaíochta áit nach sroicheann páistí an leibhéal a mbeifí ag súil leis dá n-aois. Luann Montrul (2008) an tréimhse 8 go 10 mbliana d'aois ar an tréimse cinniúnaí le struchtúir na teanga a shealbhú le go mbeadh sealbhú iomlán i gceist. Tuigimid mar sin go bhfuil sealbhú iomlán roimh aois áirithe tábhachtach.

I dtaighde le páistí Gaeltachta, fuair Péterváry et al. (2014) amach go raibh stór focal níos mó sa Bhéarla ná sa Ghaeilge ag cainteoirí dúchais Gaeilge (7-12 bliain d'aois, n=50) in ocht scoil Gaeltachta. Bhí meándifríocht de 15% idir a gcumas sa Bhéarla agus sa Ghaeilge leis an mBéarla chun cinn i gcás gach dalta. Cé go raibh stór focal níos fearr ar an iomlán sa Bhéarla acu, bhí siad níos líofa sa Ghaeilge. Tagann an toradh seo leis an tuairim go n-imríonn an

teanga ceannasach tionchar níos mó ar an teanga mhionlaigh ná a mhalairt agus tacaíonn sé leis an bpolasaí níos mó tacaíochta a thabhairt don teanga mhionlaigh chun iarracht a dhéanamh an éagothromaíocht seo a chúiteamh. Gné spéisiúil de thaighde Péterváry et al. (2014) an t-iniúchadh a rinne siad ar chomhdhéanamh teangeolaíochta na scoileanna a fheictear i bhFíor 1. Feictear sna colúin, an céatadán de chainteoirí gníomhacha Gaeilge i measc daltaí na scoileanna. Ríomhadh scórinneacs dátheangach do na daltaí trí na scóir don Bhéarla a dhealú ó na scóir don Ghaeilge. Toisc go raibh scóir níos airde sa Bhéarla ná sa Ghaeilge is uimhir dhiúltach atá ann agus léirítear na torthaí leis an líne fhlanbhuí. A lú an difríocht idir na scóir don Bhéarla agus don Ghaeilge is ea is cothroime is atá dátheangachas na ndaltaí. Má fhéachtar ar na ceithre scoil ar chlé i bhFíor 1, feictear go bhfuil an scórinneacs dátheangach is airde acu chomh maith leis na scóir don Ghaeilge is airde (líne ghorm). B'fhéidir go mbeifeá ag súil mar sin má tá an oiread sin teagmhála ag na daltaí sin leis an nGaeilge go mbeadh na scóir acu don Bhéarla níos laige. Ní hamhlaidh atá, áfach. Tá na scóir don Bhéarla mar an gcéanna beagnach do gach scoil. Léirigh na torthaí seo go raibh comhghaolú diúltach idir líon ard cainteoirí Béarla i scoil agus gnóthachtáil dhátheangach. Is de bharr torthaí den chineál seo go bhfuil sé molta múineadh an Bhéarla a chur siar le comhthéacs níos éifeachtaí sealbhaithe agus saibhrithe a chur ar fáil don Ghaeilge agus 'tearmann teanga' (Ó Curnáin 2009) a chruthú di.



Fíor 1: Dáileadh na n-ocht scoil don scórinneacs dátheangach (Péterváry et al. 2014, lch. 199)

Feictear na torthaí céanna i gcórais tumoideachais ina bhfuil cainteoirí óga Béarla ag foghlaim trí Fhraincis i gCeanada. Fiú amháin tar éis cúig bliana de thumoideachas Fraincise, bhí inniúlacht na ndaltaí maidir le stór focal agus eolas ar ghramadach chun cinn sa Bhéarla ar an bhFraincis (Hermanto, Moreno, & Bialystok 2012). Tá an toradh seo ag teacht le taithí na Breataine Bige chomh maith. Sealbhaíonn cainteoirí óga dátheangacha a labhraíonn teanga mhionlaigh leibhéal inniúlachta sa teanga ceannasach beag beann ar an méid den mhionteanga a labhraítear sa bhaile (Thomas, Cantone, Davies, & Shadrova 2014).


I gcás na Gaeltachta, is ionann cur siar mhúineadh an Bhéarla ar feadh dhá bhliain agus é a chur siar go mbeidh daltaí 6-7 mbliana d'aois. Dar ndóigh má ghlactar leis go mba chóir múineadh an Bhéarla a chur siar tá tábhacht ar leith ag baint leis na gcaoi a gcaitear an t-am teagaisc agus foghlama. Ní hionann teagmháil leis an teanga agus sealbhú (Ó Duibhir 2018) mar a chonaiceamar i gcás an Bhéarla thuas. É sin ráite, i gcás theanga mhionlaigh tá comhghaolú soiléir idir an méid ama a bhíonn páiste i dteagmháil leis an teanga agus sealbhú gnéithe áirithe den teanga (Thomas, Williams, Jones, Davies, & Binks 2014). I gás na Gaeilge, bíonn deacrachtaí ag foghlaimoirí óga le gnéithe mar an chopail agus an clásal ainm briathartha (Ó Duibhir 2018).

Teastaíonn straitéisí saibhrithe agus forbartha teanga ina n-áirítear forbairt na scileanna litearthachta do na cainteoirí dúchais. Chuige sin is gá idirdhealú a dhéanamh idir na cainteoirí dúchais agus na foghlaimoirí Gaeilge atá in aon rang leo. Ní mór deiseanna a bheith ag na cainteoirí dúchais a bheith i ngrúpa astu féin ar feadh tréimhse i gcaitheamh an lae. Tá fianaise againn ó thaighde sa Bhreatain Bheag i gceantar láidir Breatnaise go raibh claonadh i dtreo úsáid an Bhéarla i measc na ndaltaí mura raibh mais chriticiúil de chainteoirí sa rang (Thomas, Apolloni, et al. 2014). Fuair Hickey (2001) amach nárbh gá ach páiste amháin i ngrúpa ag leibhéal an naíonra a bhí ceannasach sa Bhéarla chun an comhrá a thiontú ó Ghaeilge go Béarla. Bheadh an t-idirdhealú seo ag teacht le moltaí i dtaobh dea-theagaisc. Nuair a bhíonn cumais éagsúla sa seomra ranga i gcúrsaí matamaitice, mar shampla, déanann múinteoirí éifeachtacha freastal cuí ar na cumais sin trí idirdhealú agus trí thacaíocht fheiliúnach a thabhairt dá ndaltaí (Christenson & Wager 2012). Ba chóir go mbeadh an t-idirdhealú céanna ar siúl do chainteoirí dúchais maidir lena gcumas teanga.

5. Traschur Scileanna Teanga

D'fhéadfadh múinteoirí nó tuismitheoirí a bheith buartha dá gcuirfí siar mhúineadh an Bhéarla go ndéanfaí faillí ar fhorbairt scileanna na bpáistí sa teanga sin. Tá Curaclam Teanga

na Bunscoile (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta 2015) bunaithe ar chur chuige comhtháite do mhúineadh teangacha inar féidir scileanna teanga a thraschur ó theanga go teanga. Mhaígh Cummins (1981) go raibh buninniúlacht choiteann i gceist maidir le foghlaim teangacha. Feictear i bhFíor 2 go bhfuil gnéithe de theangacha os cionn an dromchla ar nós fuaimniú, comhréir agus foclóir atá uathúil do gach teanga. Ní mór na gnéithe sin a fhoghlaim astu féin. Tá gnéithe eile, áfach, ar nós eolas coincheapúil; gnéithe teangeolaíochta; scileanna litearthachta, anailíse, sintéise, meastóireachta a luíonn faoin ndromchla gur féidir a thraschur ó theanga amháin go teanga eile (Melby-Lervåg & Lervåg 2011).



Fíor 2: Bunaithe ar Baker & Hornberger (2001, lch. 118)

Má chuirtear múineadh an Bhéarla siar ar feadh dhá bhliain is éard atá á mhaíomh ná gur féidir na scileanna litearthachta atá sealbhaithe sa Ghaeilge ar dtús a thraschur go Béarla nuair a thosaíonn an dalta ar fhoghlaim an Bhéarla. Ar an gcaoi céanna, má fhoghlaimíonn an páiste an coincheap ‘5’ as Gaeilge, ní gá dó an coincheap a athfhoghlaim chun é a aistriú go Béarla. Ní gá ach lipéad nua a fhoghlaim. Nuair a thosaítear ar mhúineadh an Bhéarla is féidir leis an bpróiseas foghlama a bheith níos éifeachtaí má chaitheann an múinteoir roinnt ama ag múineadh le haghaidh traschuir scileanna ó Ghaeilge go Béarla seachas breathnú ar an dá theanga astu féin (Ó Duibhir & Cummins 2012). Tá go leor cosúlachtaí idir litreacha agus fóinímí na Gaeilge agus cinn an Bhéarla. Má thugtar deis do pháistí machnamh a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí seo agus iad ag foghlaim na Gaeilge, faigheann siad tuiscint níos fearr ar struchtúr an dá theanga. Léiríodh go ndéanann páistí comparáidí iad féin gan spreagadh ón múinteoir agus iad ag foghlaim dhá theanga nó níos mó. Léiríonn an taighde, áfach, go mbainfidh siad níos mó tairbhe as an bpróiseas seo má tharraingíonn

múinteoirí a n-aird ar an gcaoi a n-oibríonn na teangacha éagsúla. Tugtar eolas meiteatheangeolaíoch air seo (Cummins 2017).

Ar leibhéal dromchla, sílfidh an dalta go bhfuil na focail agus an fuaimniú i nGaeilge agus i mBéarla an-difriúil. Ar leibhéal níos doimhne, áfach, beidh eolas coincheapúil, straitéisí foghlama agus eolas ar chóras fuaimeanna á bhforbairt ag na páistí agus is féidir iad seo a aistriú go teangacha eile. Beidh béim ar na scileanna éisteachta agus labhartha ar dtús agus is beag den obair seo gur féidir a thraschur ón nGaeilge mar go mbaineann cuid mhaith de le fuaimeanna agus foclóir. De réir mar a fhoghlaimíonn páistí na scileanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta, beidh níos mó deiseanna ag múinteoirí cur ar chumas na bpáistí comparáid a dhéanamh idir na cosúlachtaí agus difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla. Má mhúintear scileanna cluastuisceana do pháistí i nGaeilge, beidh siad in ann na scileanna sin a úsáid i bhfoghlaim an Bhéarla agus teangacha eile. Sampla eile is ea scileanna scríbhneoireachta, má fhoghlaimíonn dalta conas téacs léiritheach a leagan amach agus a scríobh i nGaeilge ar dtús mar chuid dá staidéar ar seánraí, beidh sé in ann an t-eolas sin a úsáid chun téacs léiritheach a scríobh as Béarla ar ball.

6. Tatal

Tá ról an-tábhachtach dar linn ag an scoil Ghaeltachta i bhforbairt agus saibhriú Gaeilge na gcainteoirí óga dúchais Gaeilge agus i gcaomhnú na Gaeilge mar theanga an phobail. Céim chun cinn a bheadh ann múineadh an Bhéarla a chur siar ach an fhorbairt chuí a dhéanamh ar scileanna teangeolaíochta na ndaltaí. Ní mór plé leis na cainteoirí dúchais mar ghrúpa a bhfuil riachtanais ar leith acu seachas mar eiseamláirí do na foghlaimeoirí. An cuspóir a bheadh le múineadh an Bhéarla a chur siar ná le deis a thabhairt do na cainteoirí dúchais bonn níos seasmhaí a chur faoin ngreim atá acu ar struchtúir ghramadaí na Gaeilge. D'ardódh sé stádas na Gaeilge sa scoil agus thabharfadh sé teachtaireacht do na foghlaimeoirí atá imeasctha leis an gcainteoirí dúchais go bhfuil tábhacht leis an nGaeilge agus gur teanga bheo chumarsáide í.

Ní féidir a bheith ag súil leis an iomarca ón scoil, áfach. Mura bhfuil tacaíocht an phobail d'obair na scoile agus teagmháil ag na daltaí leis an nGaeilge lasmuigh den scoil, beidh torthaí na hoibre níos cosúil le torthaí na scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Sealbhóidh na daltaí cumas cumarsáide maith Gaeilge ach ní bheidh siad cruinn ó thaobh na gramadaí de agus ní bheidh a gcuid Gaeilge saibhir. Rinneamar scagadh ag tús an pháipéir seo ar na moltaí a rinneadh i dtaobh an oideachais Gaeltachta mar thoradh ar iliomad athbreithnithe. Is tuar dóchais anois é go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna i mbun

gnímh. Ní mór cuimhneamh gurb é an Béarla go fóill an teanga ina mbeidh formhór na ndeiseanna saoil ag na daltaí nuair a fhágfaidh siad an scoil. Is é teanga na meán cumarsáide lena mbíonn na daltaí i dteagmháil chuile lá. Cruthóidh cur siar mhúineadh an Bhéarla tearmann don Ghaeilge ar feadh scaithimh i saol oideachasúil an dalta. Má tá sealbhú iomlán na Gaeilge le baint amach teastóidh tacaíocht leanúnach an phobail agus deiseanna úsáide Gaeilge.

Tagairtí

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2015). *Curaclam Teanga na Bunscoile: Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: CNCM.
- An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta. (2012). *Acht na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1998). *Acht Oideachais, 1998*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasáí don oideachas Gaeltachta 2017–2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Baker, C., & Hornberger, N. H. (2001). *An introductory reader to the writings of Jim Cummins*. Clevedon, England: Multilingual Matters.
- Baker, C., & Wright, W. E. (2017). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (6th ed.). Bristol: Multilingual Matters.
- Cenoz, J. (2008). Achievements and challenges in bilingual and multilingual education in the Basque Country. *AILA Review*, 21(1), 13–30. doi:10.1075/aila.21.03cen
- Christenson, B., & Wager, A. A. (2012). Increasing participation through differentiation. *Teaching Children's Mathematics*, 19(3), 194–200. doi:10.5951/teacchilmath.19.3.0194
- Coimisiún na Gaeltachta. (2002). *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil*. Baile Átha Cliath: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.
- Comhairle na Gaeilge. (1974). *An Ghaeilge sa chóras oideachais*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Comhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht. (1986). *Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Cummins, J. (2017). Multilingualism in classroom instruction: “I think it’s helping my brain grow”. *Scottish Languages Review*, 33, 5–18.
- Cummins, J. (1981). The role of primary language development in promoting educational success for language minority students. In California State Department of Education (Ed.), *Schooling and language minority students: A theoretical framework*. Los Angeles: Evaluation, Dissemination and Assessment Center, California State University.
- Fishman, J. A. (2013). Language maintenance, language shift, and reversing language shift. In T. K. Bhatia & W. C. Ritchie (Eds.), *Handbook of Bilingualism and Multilingualism*, 466–494). Somerset: Wiley.
- Hermanto, N., Moreno, S., & Bialystok, E. (2012). Linguistic and metalinguistic outcomes of intense immersion education: how bilingual? *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 15(2), 131–145. doi:10.1080/13670050.2011.652591
- Hickey, T. (2001). Mixing beginners and native speakers in minority language immersion: Who is immersing whom? *The Canadian Modern Language Review*, 57(3), 443–474.
- Hickey, T. M., Lewis, G., & Baker, C. (2013). How deep is your immersion? Policy and practice in Welsh-medium preschools with children from different language

- backgrounds. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 17(2), 215–234. doi:10.1080/13670050.2013.866629
- Landry, R., Allard, R., & Deveau, K. (2007). Bilingual schooling of the Canadian Francophone minority: A cultural autonomy model. *International Journal of the Sociology of Language* 185, 133–162.
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & Ní Mhainín, T. (2005). *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta: Tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Máirtín, C. (2006). *Soláthar múinteoirí do na bunscoileanna lán-Ghaeilge: Bunachar sonraí agus tuairimíocht phríomhoidí i leith gnéithe den staid reatha sa Ghaelscolaíocht*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- May, S. (2013). Indigenous immersion education: International developments. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 1(1), 34–69.
- May, S., Hill, R., & Tiakiwai, S. (2004). *Bilingual/immersion education: Indicators of good practice*. New Zealand: Ministry of Education.
- Melby-Lervåg, M., & Lervåg, A. (2011). Cross-linguistic transfer of oral language, decoding, phonological awareness and reading comprehension: A meta-analysis of the correlational evidence. *Journal of Research in Reading*, 34(1), 114–135. doi:10.1111/j.1467-9817.2010.01477.x
- Montrul, S. (2008). *Incomplete acquisition in bilingualism: Re-examining the age factor*. Amsterdam: John Benjamins.
- Ní Bhaoill, M., & Ó Duibhir, P. (2004). *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ní Chartúir, A. (2016). Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán. Faighte ag https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2016-11-29/3/
- Nic Cionnaith, P. (2008). *Léargas ar dhearcadh agus tuairimí i dtaobh an chórais oideachais Gaeltachta ag tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaeilge*. (Tráchtas Máistreachta), Faighte ag <http://www.cogg.ie/includes/documents/PNCTrachtas.pdf>
- Ní Shéaghdha, A. (2010). *Taighde ar dhea-chleachtais bhunscoile i dtaca le saibhriú/sealbhú agus sóisialú teanga do dhaltáí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ní Thuairisg, L. (2014). *Léargas ar thaithí mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshlán ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*. (PhD), Ollscoil Chathair Bhaile átha Cliath, Neamhfhoilsithe.
- Ó Curnáin, B. (2009). Mionteangú na Gaeilge. In B. Ó Catháin (Ed.), *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille* 39, 90–153. Maigh Nuad: An Sagart.
- Ó Duibhir, P. (2006). *Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Bristol: Multilingual Matters.
- Ó Duibhir, P., & Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3–12 years)*. Dublin: NCCA.
- Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L., & Ó Brolcháin, C. (2015). *Soláthar oideachais trí mhionteangacha: Athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Ó Flatharta, P. (2007). *Struchtúr oideachais na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

- Ó Giollagáin, C., & Charlton, M. (2015). *Nuashonrú ar an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., & O'Brien, M. (2007). *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta.
- Oifig an tSoláthair. (1926). *Coimisiún na Gaeltachta: Report*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J. (2014). *Iniúchadh ar an gcumas dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta [An investigation of bilingual competence: Language acquisition by the young Gaeltacht generation]*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Rialtas na hÉireann. (1963). *Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge: Tuarascáil dheiridh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (1980). *An Páipéar Bán ar an bhForbairt Oideachasúil*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., & Millar, D. (2011). *Measúnachtaí náisiúnta 2010 ar léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.
- The Teaching Council. (2015). *Striking the balance: Teacher supply in Ireland: Technical working group report*. Aimsithe ag <http://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Teacher-Education/Teacher-Supply-in-Ireland.pdf>
- Thomas, E. M., Apolloni, D., & Lewis, G. (2014). The learner's voice: Exploring bilingual children's selective language use and perceptions of minority language competence. *Language and Education*, 28(4), 340–361. doi:10.1080/09500782.2013.870195
- Thomas, E. M., Cantone, K. F., Davies, S., & Shadrova, A. (2014). Cross-linguistic influence and patterns of acquisition. In E. M. Thomas & I. Mennen (Eds.), *Advances in the study of bilingualism* (pp. 41-62). Bristol: Multilingual Matters.
- Thomas, E. M., Williams, N., Jones, L. A., Davies, S., & Binks, H. (2014). Acquiring complex structures under minority language conditions: Bilingual acquisition of plural morphology in Welsh. *Bilingualism: Language and Cognition*, 17(03), 478–494. doi:doi:10.1017/S1366728913000497
- www.education.ie 2017. Faighte ag <https://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2017-Press-Releases/PR2017-28-04.html>.
- www.education.ie 2018. Faighte ag <https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachtaí/Preasráitis/preasraitis-2018/PR2018-29-03.html>.